An lomáint

An lomáint

Ar dhroim an domhain níl radharc is áille
Ná tríocha fear ag bualadh báire,
An pháirc mhór ghlas faoi thaitneamh gréine,
Is na gártha molta ag dul chun spéire.

Dhá fhoireann ghroí in aghaidh a chéile,
Gach fear i mbarr a nirt is a réime;
Camáin á luascadh ar fud na páirce,
Is an sliotar ag imeacht ar luas in airde.

An tríocha fear ag rith is ag léimneach,
Buillí á mbualadh le neart is le héifeacht,
Tapúlacht coise is oilteacht láimhe,
Ar dhroim an domhain níl radharc is áille.

© CCEA 2022

COUNCIL FOR THE CURRICULUM, EXAMINATIONS AND ASSESSMENT
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44(0)28 9026 1200 Email: info@ccea.org.uk
Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning